Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland

# Beartas um Chaomhnú Digiteach

2023



# Clar na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Taifead na Leasuithe | 3 |
| 1. Cúlra | 4 |
| 2. Caomhnú Digiteach | 5 |
| 3. Cuspóir | 5 |
| 4. Raon Feidhme | 6 |
| 5. Ráitis Bheartais | 6 |
| 6. Caidreamh le Beartais eile NLI | 8 |
| 7. Róil agus Freagrachtaí | 8 |
| 8. Forfheidhmiú agus Na Chéad Chéimeanna Eile | 9 |

# Taifead na Leasuithe

| | |
|---|---|
| **Teideal an Doiciméid** | NLI - Beartas um Chaomhnú Digiteach |
| **Uimhir an Doiciméid** | NLI_POL1_36 |
| **Príomhdhuine Freagrach** | Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach |
| **Faofa ar na Dátaí Thíos ag** | 2023-05-16: LT |
| **Le hAthbhreithniú Arís** | 2024-06-30 |

# 1. Cúlra

Bunaíodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) le The Dublin Science and Art Museum Act, 1877.Is é cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a chur ar fáil an misean atá ag an Leabharlann Náisiúnta. Tá an Leabharlann faoi réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 inniu.

Tarlaíonn malartú faisnéise i bhfoirm dhigiteach anois níos mó ná riamh. Tá an NLI, cosúil lenár gcomhghleacaithe ar fud an domhain, ag tabhairt aghaidh ar an dúshlán a bhaineann leis an ábhar digiteach seo a bhailiú, a chaomhnú agus rochtain a sholáthar air. Leanaimid de bheith ag cur lenár mbailiúcháin náisiúnta den scoth d'oidhreacht liteartha, chultúrtha agus dhoiciméadach na hÉireann, lena n-áirítear anois ábhar digitithe agus[1] digitghinte.

Tá ábhar digitithe agus suíomhanna gréasáin caomhnaithe go gníomhach ag NLI ó thús na 2010idí. Dá bhrí sin, tógann an Beartas um Chaomhnú Digiteach seo ar chleachtais reatha NLI agus, ag tarraingt ar Fhoireann Beartais um Chaomhnú na gComhghuaillíochtaí um Chaomhnú Digiteach[2], tugann sé aghaidh ar riachtanais chaomhnaithe na n-ábhar seo agus ábhar digitghinte eile.

Mar a luadh i mBeartas Forbartha Bailiúcháin NLI[3], faigheann NLI ábhar bailiúcháin ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear deonú, taisce agus ceannach. Mar gheall ar chineál an bhailiúcháin dhigitigh éilítear pleanáil chaomhnaithe ghníomhach[4] agus gníomhaíochtaí roimh ábhar digiteach a fháil, lena linn, agus díreach tar éis é a fháil, de bhreis ar idirghabhálacha ina dhiaidh sin atá dírithe ar chaomhnú agus a rinneadh le linn aontachais, socrúcháin agus bhainistíocht fhadtéarmach na n-ábhar. I Straitéis 2022-2026 NLI[5] grúpáiltear cuspóirí faoi chúig phríomhcholún: Bailigh, Cosain, Nocht, Gabh i bhFeidhm, agus Nuáil. Cé go mbaineann an Beartas go príomha leis an gcolún 'Cosain' de Straitéis NLI 2022-2026, tá caomhnú digiteach ina bhreithniú tábhachtach freisin faoi na colúin 'Bailigh' agus 'Nocht'. Mar a leagtar amach thíos, is breithniú tábhachtach é measúnú a dhéanamh ar riachtanais um chaomhnú digiteach agus ábhair dhigiteacha nua á bhfáil agus is cumasóir ríthábhachtach é do rochtain leanúnach ar bhailiúcháin dhigiteacha agus iad a athúsáid le himeacht ama. De réir mar a leanann caomhnú digiteach ag forbairt go tapa mar réimse cleachtais, tá comhroinnt eolais agus comhoibriú laistigh de NLI agus le comhghleacaithe ar fud an phobail dhomhanda um chaomhnú dhigiteach ina ghné thábhachtach chun an raon formáidí is féidir le NLI a bhailiú a leathnú. Cuireann rannpháirtíocht agus rannchuidiú NLI i bhforbairt an dea-chleachtais i réimse an chaomhnaithe dhigitigh le cuspóirí faoi cholúin 'Gabh i bhFeidhm' agus 'Nuáil' de Straitéis NLI.

1 Tagraíonn an téarma 'digitghinte' d'ábhair a thionscnaítear i bhfoirm dhigiteach. Tá sé seo mar chodarsnacht ar athfhormáidiú digiteach, trína ndéantar ábhair dhigiteach d'ábhair analógacha, amhail comhaid a chruthaítear trí thaifid pháipéir fhisiciúla a scannadh: "Born Digital", Wikimedia Foundation, arna mhodhnú go deiridh an 17 Aibreán, 2023, **https://en.wikipedia.org/wiki/Born-digital**

2 "Digital Preservation Policy Toolkit", Digital Preservation Coalition, arna rochtain an 5 Bealtaine, 2023, **https://www.dpconline.org/digipres/policy-toolkit**

3 Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, "NLI Collection Development Policy 2022", arna rochtain an 5 Bealtaine, 2023, **https://www.nli.ie/sites/default/files/2022-11/nli_collections_revisedpolicy_2022.pdf**

4 Is éard atá i gceist le pleanáil caomhnaithe ná monatóireacht a dhéanamh ar na bailiúcháin agus pleananna a chruthú chun a chinntiú go mbíonn ábhar digiteach fós inrochtana agus intuigthe ag úsáideoirí NLI.

5 Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, "Straitéis 2022-2026 NLI", arna rochtain an 5 Bealtaine, 2023 **https://www.nli.ie/sites/default/files/2022-11/nlistrategyenglishweb2022.pdf**

## 2. Caomhnú Digiteach

Sainmhínítear sa Chomhghuaillíocht um Chaomhnú Digiteach (DPC) caomhnú digiteach mar seo a leanas;

*Tagraíonn Caomhnú Digiteach don tsraith gníomhaíochtaí bainistithe is gá chun rochtain leanúnach ar ábhair dhigiteacha a chinntiú chomh fada agus is gá.*[6]

Féachann NLI ar an ngá atá le rochtain leanúnach ar ár mbailiúcháin agus le hathúsáid a bhaint astu mar phríomhspreagthóir an chaomhnaithe dhigitigh. Aithníonn NLI freisin go dteastaíonn níos mó ná córais stórála agus TF chun caomhnú digiteach a dhéanamh. Tá éagsúlacht ag baint le gníomhaíochtaí sa chaomhnú digiteach, gníomhaíochtaí a bhíonn sa siúl ar gach céim i saol ábhair dhigitigh: sula bhfaightear an t-ábhar[7], aistriú, tuairisc, stóráil agus rochtain. Soláthraíonn formáidí digiteacha[8] go leor buntáistí agus tairbhí i gcomparáid le formáidí fisiceacha, ach tá siad luaineach go bunúsach. Áirítear ar na rioscaí seo caillteanas sonraí, dífheidhmeacht, agus caillteanas comhthéacs. Féachann NLI le rioscaí na luaineachta seo a mhaolú trí úsáid a bhaint as[9] cleachtais um chaomhnú digiteach atá láidir, inbhuanaithe. Cinntítear trí chleachtais mhaithe um chaomhnú digiteach go bhfanann ábhar digiteach in-aimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte. Tá ról ag na dea-chleachtais seo i mbainistiú rioscaí do chlú NLI ionas nach gcuirtear bac ar bhailiú breise.

## 3. Cuspóir

Leagtar amach sa Bheartas seo na prionsabail, na róil agus na freagrachtaí maidir le gníomhaíochtaí um chaomhnú digiteach laistigh de NLI. Cloíonn an Beartas le Straitéis uileghabhálach NLI, agus cuirfidh bonn eolais le beartas agus próisis agus treoróidh sé cinnteoireacht. Ina theannta sin, leagtar amach sa Bheartas na rioscaí a bhaineann le hábhar digiteach a bhailiú agus a dhéanamh inrochtana.

Is é seo an chéad Bheartas um Chaomhnú Digiteach de chuid NLI. Is ionann é agus na cleachtais atá ann cheana féin nó atá ag teacht chun cinn laistigh de NLI a dhéanamh foirmiúil, agus aithnítear an gá atá le feabhas leanúnach a chur ar ár gcumas um chaomhnú digiteach. Soláthraítear sa bheartas bealach chun caomhnú digiteach a chomhtháthú mar chroíghníomhaíocht laistigh agus ar fud NLI. Mar sin táthar ag súil go bhforbrófar an Beartas seo agus go gcuirfear leis trí threoirlínte agus nósanna imeachta comhlántacha le himeacht ama. Áirítear ar lucht éisteachta an Bheartais seo foireann agus páirtithe leasmhara NLI, agus de réir mar a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin NLI é, tá sé beartaithe go mbeidh rochtain ag an bpobal i gcoitinne ar a theanga.

6 "Digital Preservation Handbook, 2nd Edition", Digital Preservation Coalition, arna rochtain an 5 Bealtaine, 2023 **https://www.dpconline.org/handbook**

7 Tarlaíonn an chéim seo sula bhfaightear bailiúcháin ó dheontóirí, ó thaisceoirí agus ó chruthaitheoirí. D'fhéadfadh comhráite le deontóirí a bheith i gceist (nuair is féidir) agus aschuir na gcomhráite sin a dhoiciméadú i ndoiciméad suirbhé. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo oibriú leis an deontóir maidir le raon feidhme agus ábhar an bhailiúcháin, faisnéis faoi chearta, modh aistrithe comhad agus rochtain ar an mbailiúchán.

8 Tá formáidí agus cineálacha comhaid ag NLI is fearr leo ag brath ar an limistéar bailithe a thiocfaidh chun cinn le himeacht ama, ach a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith solúbtha agus ábhar á ghlacadh ó dheontóirí, ó thaisceoirí agus ó chruthaitheoirí

9 Tagraíonn inbhuanaitheacht do na hábhair imní comhshaoil agus eagraíochtúla forluiteacha. I measc samplaí de na cleachtais seo tá rialachas láidir agus leithdháileadh freagrach airgeadais agus acmhainní, chomh maith le breithniúcháin maidir le húsáid fuinnimh agus slabhra soláthair.

## 4. Raon Feidhme

Ní thagraítear sa Bheartas seo ach d'ábhar bailiúcháin dhigiteacha agus na meiteashonraí gaolmhara, cibé acu is foirm dhigiteach é nó an bhfuil sé digitithe ó ghabháltas fisiceach atá ann cheana. Ní chuimsíonn an raon feidhme comhaid dhigiteacha riaracháin a ghintear mar chuid d'obair NLI, mar shampla ríomhphoist agus doiciméid inmheánacha. Tugtar aghaidh ar bhainistiú na dtaifead corparáideach seo i mBeartas Bainistíochta Sonraí NLI agus i mbeartais ghaolmhara.

**Ábhar laistigh de raon feidhme na mbailiúchán:**

- Bailiúcháin de chartlann dhigitghinte agus foilsithe lena n-áirítear ábhar digitghinte atá mar chuid d'éadáil hibrideach
- Bailiúcháin dhigitithe NLI
- Cartlann Ghréasáin NLI

## 5. Ráitis Bheartais

5.1. **Aithníonn NLI an gá atá le foireann oilte a thiomáineann, a chuireann i bhfeidhm agus a thacaíonn le caomhnú digiteach.**
Mar chuid den phróiseas Pleanála Fórsa Saothair, méadóidh NLI líon na foirne oilte thar na ranna a fheidhmíonn an iliomad gnéithe den chaomhnú digiteach. Tá NLI tiomanta d'uasoiliúint leanúnach na foirne toisc gur réimse atá ag forbairt é caomhnú digiteach.

5.2. **Comhoibríonn NLI go hinmheánach agus go seachtrach chun ár spriocanna um chaomhnú digiteach a bhaint amach.**
Aithníonn NLI an gá atá le comhoibriú i réimse casta agus éabhlóideach an chaomhnaithe dhigitigh chun caomhnú digiteach a leabú ar fud NLI. Bainfidh an comhoibriú seo leas as eolas, acmhainní agus scileanna an phobail dhomhanda um chaomhnú digiteach, príomhpháirtithe leasmhara NLI agus ranna NLI.

5.3. **Glacann NLI cur chuige bunaithe ar chaighdeáin maidir le caomhnú digiteach.**
Glacann NLI caighdeáin, creataí agus cuir chuige dea-chleachtais pobail ábhartha. Mar shampla, prionsabail FAIR[10], Córas Faisnéise Oscailte Cartlainne (OAIS)[11] múnla tagartha, caighdeáin mheiteashonraí, formáidí digiteacha oscailte agus arna nglacadh ag an bpobal, agus samhlacha sonraí bunaithe ar chaighdeáin le haghaidh ábhar leasaithe agus meiteashonraí gaolmhara a chothabháil (ar a dtugtar Pacáistí Faisnéise Cartlainne freisin[12]).

5.4. **Coinníonn NLI beartais agus nósanna imeachta a threoraíonn agus a chuireann an caomhnú digiteach i bhfeidhm.**
Aithníonn NLI go bhfuil gá le doiciméid a nuashonraítear agus a úsáidtear go

10 Wilkinson, M., Dumontier, M., Aalbersberg, I. et al. "The FAIR Guiding Principles For Scientific Data Management and Stewardship", Scientific Data 3, no. 1 (15 Márta 2016). **https://doi.org/10.1038/sdata.2016.18**

11 Consultative Committee for Space Data Systems, "Reference Model for an Open Archival Information System", Meitheamh 2012, **https://public.ccsds.org/pubs/650x0m2.pdf**

12 Is é an Pacáiste Faisnéise Cartlainne, nó AIP, an leagan den phacáiste faisnéise atá stóráilte agus caomhnaithe ag OAIS. Tá an AIP comhdhéanta den fhaisnéis atá mar fhócas caomhnaithe, in éineacht le sraith iomlán meiteashonraí atá leordhóthanach chun tacú le seirbhísí caomhnaithe agus rochtana OAIS: Lavoie, Brian. 'The Open Archival Information System (OAIS) Reference Model: Introductory Guide (2nd Edition)'. Digital Preservation Coalition, 1 Deireadh Fómhair 2014. **https://doi.org/10.7207/twr14-02**

gníomhach. Méadaíonn an tiomantas seo do dhoiciméadú inbhuanaitheacht agus cosnaíonn sé in aghaidh caillteanas eolais trí athrú eagraíochtúil.

**5.5. Soláthraíonn, cothaíonn agus bainistíonn NLI an bonneagar agus an cumas TFC cuí a theastaíonn chun an Beartas seo a chur i bhfeidhm.**

- Aithníonn NLI an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i gcórais TFC, infreastruchtúr agus nósanna imeachta TFC atá coinnithe go gníomhach, atá oiriúnach don fheidhm, atá slán agus láidir chun tacú le caomhnú digiteach. I measc na samplaí tá córais stórála caomhnaithe, bonneagar stóir, stáisiúin oibre fhóiréinseacha, agus go leor eile.
- Geallann NLI ceanglais um chaomhnú digiteach a áireamh mar bhreithniú lárnach nuair a bhíonn córais nó bonneagar TFC nua a úsáidtear i mbainistíocht na mbailiúchán digiteach á n-athbhreithniú, á nuashonrú nó á bhfáil.
- Aithníonn NLI an riosca a bhaineann le bagairtí Cibearshlándála do chaomhnú ábhar bailiúcháin dhigitigh, agus geallann sé ceanglais um chaomhnú digiteach a áireamh agus beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le bainistíocht sonraí agus slándáil faisnéise á n-athbhreithniú agus á nuashonrú.

**5.6. Bíonn NLI i dteagmháil go gníomhach le deontóirí, taisceoirí agus cruthaitheoirí a chuidíonn linn ár mbailiúcháin dhigiteacha a fhorbairt chun an toradh caomhnaithe, rochtana agus athúsáide is fearr is féidir a bhaint amach**
Aithníonn NLI an leas a bhaineann le cur chuige comhoibríoch le deontóirí, go háirithe le linn na céime fála. Áirítear ar shamplaí iarraidh ar dheontóirí agus ar thaisceoirí suimeanna seiceála a chruthú, suirbhéanna a líonadh, agus dul i mbun céimeanna ábhartha de ghníomhaíochtaí caomhnaithe digiteacha, agus oibriú leo chun faisnéis bhreise chomhthéacsúil agus meiteashonraí a ghabháil.

**5.7. Déanann NLI monatóireacht leanúnach agus féachann sí i gcónaí le feabhas a chur ar ár gcumas caomhnaithe digiteach.**
Geallann NLI, laistigh de 2 bhliain ó fhoilsiú an bheartais seo, measúnú a dhéanamh ar aibíocht agus stóinseacht a nósanna imeachta um chaomhnú digiteach ag baint úsáide as creataí aitheanta mar Core Trust Seal[13] agus Samhail Mhear-Mheasúnaithe DPC[14] agus príomhréimsí le feabhsú a aithint.

**5.8. Cinntíonn NLI go rialta sláine agus barántúlacht ár mbailiúcháin dhigiteacha mar thomhas iontaofachta.**
Tá ról ríthábhachtach ag gníomhaíochtaí um chaomhnú digiteach ar nós seiceáil buaine[15] maidir le sláine agus barántúlacht ár mbailiúcháin dhigiteacha a chinntiú, ar mhaithe lenár n-úsáideoirí agus ár ndeontóirí, ár dtaisceoirí agus ár gcruthaitheoirí.

**5.9. Caomhnaíonn NLI na meiteashonraí tuairisciúla, riaracháin, caomhnaithe, teicniúla agus cearta a éascaíonn rochtain agus athúsáid mharthanach**
Sampla an-láidir is ea meiteashonraí cearta, a ligeann do NLI rochtain ar bhailiúcháin chaomhnaithe agus athúsáid araon a sholáthar go muiníneach, agus ag an am céanna na rialuithe rochtana riachtanacha a fhorfheidhmiú ar ábhair íogaire nó srianta.

13 An Bord um Chaighdeáin agus Deimhnithe CoreTrustSeal. 'CoreTrustSeal Requirements 2023-2025'. Zenodo, 5 September 2022. **https://doi.org/10.5281/ZENODO.7051012**

14 'Digital Preservation Coalition Rapid Assessment Model (DPC RAM)'. Digital Preservation Coalition, 31 Márta 2021. **https://doi.org/10.7207/dpcram21-02**

15 Modh chun sláine comhaid a chinntiú agus chun é a fhíorú nach bhfuil sé athraithe ná truaillithe. Digital Preservation Coalition, "Digital Preservation Handbook, 2nd Edition".

5.10. **Aithníonn NLI an gá atá le cuntas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí um chaomhnú digiteach agus measúnú á dhéanamh ar chostas iomlán na maoirseachta bailiúcháin.**[16]

Coinníonn NLI ár mbailiúcháin ar iontaobhas don phobal, agus aithnímid go dteastaíonn measúnú iomlán ar chostas iomlán maoirseoireachta ábhair san fhadtéarma chun bailiú freagrach a dhéanamh. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach maidir le bailiúcháin dhigiteacha, áit a mbíonn an riosca a bhaineann le heaspa gnímh nó le moill i bpróiseáil níos géire go minic ná mar atá i gcás ábhar neamhdhigiteach. Agus réitigh phragmatacha agus éifeachtúla á lorg, aithníonn NLI an gá atá le cur chuige eolasach agus riosca-bhunaithe a ghlacadh chun ábhar digiteach a fháil agus a bhainistiú.

## 6. Caidreamh le Beartais eile NLI

Baineann caomhnú digiteach le bainistíocht sonraí agus bailiúchán, mar sin tá an Beartas seo ag brath go mór ar bheartais agus ar réimsí beartais eile NLI. Toisc go ndéileáiltear sa Bheartas le sonraí, ba cheart é a léamh taobh le Beartas Bainistíochta Sonraí, Beartas Cosanta Sonraí agus beartais Slándála Faisnéise TFC NLI. Tá ról ríthábhachtach ag an mBeartas seo maidir le bailiúcháin dhigiteacha a bhainistiú agus rochtain agus athúsáid ábhar bailiúcháin dhigitigh a choinneáil ar bun, mar sin luíonn sé freisin laistigh de shraith beartas bainistíochta agus forbartha bailiúcháin NLI, e.g. an Beartas Forbartha Bailiúchán agus treoirlínte gaolmhara.

## 7. Róil agus Freagrachtaí

Is ábhar imní leathan é caomhnú digiteach agus freagracht chomhroinnte na heagraíochta. Chomh maith lena bhfreagrachtaí mar Úsáideoirí Sonraí faoi Bheartas Bainistíochta Sonraí NLI, tá freagracht ar aon **bhall foirne de chuid NLI** a oibríonn le hábhar bailiúcháin dhigitigh cloí leis an mBeartas seo agus leis na treoirlínte gaolmhara.

Tá an **Bainisteoir um Chaomhnú Digiteach** freagrach as an mBeartas seo a chothabháil agus as tionscnaimh a threorú chun a chur i bhfeidhm a chomhordú, ag tuairisciú do Ghrúpa Stiúrtha Bailiúcháin Dhigiteach NLI.

Tá **Roinn na mBailiúchán Digiteach** freagrach as croí-bhonneagar teicniúil NLI agus as cumas bailiúcháin dhigitigh eagraíochta agus caomhnú digiteach a fhorbairt.

16 Le haghaidh plé le déanaí ar an ábhar seo féach Weber, Chela, Martha Conway, Nicholas Martin, Gioia Stevens, agus Brigette Kamsler. 'Total Cost of Stewardship: Responsible Collection Building in Archives and Special Collections'. OCLC Research, 2021. **https://doi.org/10.25333/ZBH0-A044**

Soláthraíonn **Grúpa Stiúrtha Bailiúcháin Dhigiteach** NLI rialachas tras-rannach ar an mBeartas seo agus tá sé freagrach as athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear moltaí a dhéanamh d'Fhoireann Cheannaireachta NLI maidir le hacmhainní, comhordú agus tosaíocht a dhéanamh de thionscnaimh ar leith.

Is é **Ceann na mBailiúchán Digiteach** an Príomhdhuine Freagrach as an mBeartas seo ar Fhoireann Cheannaireachta NLI.

Cinntíonn **Foireann Ceannaireachta NLI** go gcuirtear an Beartas i bhfeidhm go héifeachtach agus soláthraíonn sí maoirseacht ar an mBeartas seo mar chuid de chreat beartais níos leithne NLI.

## 8. Forfheidhmiú agus Na Chéad Chéimeanna Eile

Mar a luadh thuas, cuireann an Beartas seo le cleachtais atá bunaithe agus atá ag teacht chun cinn laistigh de NLI. Tá obair ar bun chun doiciméadú próisis reatha agus beartais ghaolmhara a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú. Táthar ag súil go mbeidh an obair seo mar bhunús do mheasúnú agus tagarmharcáil ar aibíocht iomlán chur chuige reatha NLI i leith caomhnú digiteach i gcoinne noirm phobail agus dea-chleachtais (e.g. trí DPC RAM, Core Trust Seal, Bunchaighdeáin Cibearshlándála na hEarnála Poiblí/NIST[17], Prionsabail an Bhonneagar Scoláireachta Oscailte[18]), óna sainaithneofar réimsí sonracha feabhsúcháin. Ag teacht leis na Róil agus na Freagrachtaí atá leagtha amach thuas, beidh an measúnú seo faoi stiúir an Bhainisteora um Chaomhnú Digiteach laistigh de 2 bhliain ó fhoilsiú an Bheartais seo, ag tarraingt ar shaineolas ábhartha ar fud NLI, le monatóireacht agus rialachas arna soláthar ag Grúpa Stiúrtha Bailiúcháin Dhigiteach NLI.

17 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, "Public Sector Cyber Security Baseline Standards", 1 Samhain 2022, **https://www.gov.ie/en/publication/d1fd5-cyber-security-baseline-standards/**

18 Bilder, Geoffrey, Jennifer Lin, and Cameron Neylon. 'The Principles of Open Scholarly Infrastructure'. The Principles of Open Scholarly Infrastructure, 2020. **https://doi.org/10.24343/C34W2H**